



## Preaseisiúint

Lucsamburg, 24 Eanáir 2022

# Tá borradh ag teastáil faoi 5G san Aontas

I dtuarascáil speisialta a foilsíodh inniu, iarann Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) go dtabharfaí spreagadh úr chun borradh a chur faoi leathadh 5G, an caighdeán domhanda nua do líonra gan sreang, san Aontas. Tá moilleanna ar Bhallstáit maidir lena líonraí 5G a chur chun feidhme, rud a chuireann cuspóirí an Aontais i gcontúirt i dtaca le rochtain agus clúdach. I gcomhthráth leis sin, tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna slándála maidir le himscaradh 5G ar bhealach comhsheasmhach agus combheartaithe, a dúirt na hiniúchóirí.

Tá seirbhísí 5G ríthábhachtach do réimse leathan feidhmeanna chun leasa go leor earnálacha de gheilleagair an Aontais agus do shaol laethúil na saoránach. Meastar go bhféadadh sé go gcuirfidh 5G suas le EUR 1 trilliún le OTI an Aontais idir 2021 agus 2025, a d'fhéadfadh suas le 20 milliún post a chruthú nó a chlaohlú. Cé go gcuireann 5G deiseanna fáis ar fáil, tá rioscaí áirithe ag baint leis: méadaítear spleáchas agus na rioscaí a bhaineann le “gníomhaithe stáit naimhdeacha” mar gheall ar an méid teoranta díoltóirí ar féidir leo líonraí 5G a thógáil agus a oibriú.

Sa Phlean Gníomhaíochta ón gCoimisiún in 2016, socraíodh sprioc-am chun 5G a leathadh ar fud na limistéar uirbeach agus na mórbhealaí iompair uile. I mí an Mhárta na bliana seo chaite, shochraigh an Choimisiún sprioc eile chun clúdach 5G a bhaint amach ar fud an Aontais faoi 2030. Mar sin féin, tugann na hiniúchóirí faoi deara nár chuir ach leath de na Ballstáit na cuspóirí sin san áireamh ina straitéisí náisiúnta 5G. Thug an Coimisiún tacaíocht do na Ballstáit chun na spriocanna sin a bhaint amach trí thionscnaimh, treoir agus cistiúchán éagsúil. Ach níor shainigh sé go soiléir riamh an caighdeán lena bhfuiltear ag súil le seirbhísí 5G. Cuireann na hiniúchóirí i bhfios go láidir go bhféadfadh sé sin a bheith ina chúis le héagothromaíochtaí maidir le rochtain ar sheirbhísí 5G agus le caighdeán na seirbhísí sin ar fud an Aontais, rud a chuirfeadh tuilleadh leis an “deighilt dhigiteach”.

*“Across the EU, up to €400 billion will be spent by 2025 on developing 5G networks to support the future economic growth and competitiveness. But with many Member States lagging behind, the EU is still far from reaping the benefits 5G offers”* [Ar fud an Aontais, caithfeadh suas le EUR 400 billiún faoi 2025 ar líonraí 5G a fhorbairt chun tacú leis an bhfás eacnamaíoch agus leis an iomaíochas amach anseo. Ach, agus a lán Ballstát ag titim chun deiridh, tá an tAontas fós i bhfad ó leas a bhaint as buntáistí 5G] a dúirt Annemie Turtelboom, an comhalta de Chúirt Iniúchóirí na hEorpa atá freagrach as an tuarascáil. *“Moreover, Member States’ approaches*

*Is é is cuspóir don phreaseisiúint seo ná príomhtheachtaireachtaí na tuarascála speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a chur in iúl. Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag [eca.europa.eu](https://eca.europa.eu).*

## ECA Press

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg

E: [press@eca.europa.eu](mailto:press@eca.europa.eu) @EUAuditors [eca.europa.eu](https://eca.europa.eu)

*towards 5G security, and in particular the need for concerted action, remains an issue of strategic importance for the EU's technological sovereignty and the single market.*" [Ina theannta sin, is saincheist fós é cur chuige na mBallstát maidir le slándáil 5G, agus go háirithe an gá atá le gníomhaíocht chomhbheartaithe, agus tá tábhacht straitéiseach ag baint leis ó thaobh ceannasachta teicneolaíche agus an mhargaidh aonair de.]

Chomhlíon na Ballstáit go léir, seachas an Chipir, an Liotuáin, Málta agus an Phortaingéil, cuspóir idirmheánach 2020 go mbeadh ar a laghad mórchathair amháin a bhfuil rochtain 5G aici. Ach níl a lán Ballstát ar an mbóthar ceart maidir le himscaradh a gcuid líonraí 5G. Measann an Coimisiún, i gcás sé thír déag san Aontas, gur dóchúlacht mheánach atá ann go mbainfear amach sprioc 2025 sa chás ab fhearr (an Ostair, an Eastóin, an Ghearmáin, Éire, an Liotuáin, Málta, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil agus an tSlóivéin), agus gur dóchúlacht íseal atá ann sa chás ba mheasa (an Bheilg, an Bhulgáir, an Chróit, an Chipir agus an Ghréig). Faoi mhí na Samhna 2021, ní raibh Treoir an Aontais trasuite ag 23 Bhallstát go fóill, spriocdhátaí a leagan síos chun bandaí ceannródaíochta 5G a shannadh, i measc gníomhaíochtaí eile. Cuireann na hiniúcháirí in iúl go láidir gur rídhócha nach mbainfear amach cuspóirí an Aontais do na 10 mbliana seo ag luas reatha an chur chun feidhme.

Tá leathadh 5G fite fuaite le saincheisteanna slándála. Tá sé de cheangal ar dhíoltóirí atá lonnaithe i dtíortha san Aontas caighdeán agus ceanglais dhlíthiúla an Aontais a chomhlíonadh. Ach níl sé cinn de na hocht ndíoltóirí is mó, mar shampla Huawei (An tSín) agus Samsung (An Chóiré Theas), lonnaithe san Aontas. D'fhéadfadh difríocht mhór a bheith idir reachtaíocht tíortha nach bhfuil san Aontas agus caighdeán an Aontais, mar shampla ó thaobh sonraí pearsanta a chosaint. Cuireann na hiniúcháirí in iúl gur cúis imní dóibh go bhféadfadh sé go mbeadh úsáideoirí san Aontas faoi réir dlíthe eachtracha nuair atá ionaid rialaithe lonnaithe lasmuigh den Aontas. D'fhreagair an tAontas go pras nuair a tháinig slándáil 5G chun cinn mar shaincheist mhór ar leibhéal an Aontais: glacadh bosca uirlisí an Aontais le haghaidh shlándáil 5G i mí Eanáir 2020. Bíodh sin mar atá, bhí sé sin ródhéanach do roinnt oibreoirí líonraí móibíleacha a bhí tar éis a ndíoltóirí a roghnú cheana féin.

Tugann na hiniúcháirí dá n-aire freisin, in ainneoin chineál trasteorann na n-ábhar imní a bhaineann le slándáil 5G, gur beag faisnéise atá ar fáil go poiblí maidir leis an gcaoi a dtéann tíortha AE ngleic le cúrsaí slándála, go háirithe ceist na ndíoltóirí ardriosca. Fágann sé sin go bhfuil sé deacair ar na Ballstáit cur chuige comhbheartaithe a ghlacadh, agus cuireann sé teorainn freisin le cumas an Choimisiúin feabhsuithe a mholadh maidir le slándáil líonraí 5G. Fuair na hiniúcháirí amach, toisc nach bhfuil aon éifeacht cheangailteach ag bearta atá sa bhosca uirlisí, go gcuireann na Ballstáit cineálacha éagsúla cur chuige i bhfeidhm i gcleachtas, maidir le húsáid trealamh ó dhíoltóirí sonracha nó maidir le raon feidhme na srianta ar dhíoltóirí ardriosca. Ina theannta sin, má dhéanann na Ballstáit díoltóirí ardriosca a eisiamh óna líonraí gan aon idirthréimhse, d'fhéadfadh sé sin costais ionadaíochta níos airde a chruthú. Faoi láthair, níl sé soiléir an bhféadfaí costais sin a mheas mar státchabhair, ná an mbeadh sé sin i gcomhréir le rialacha iomaíochta an Aontais.

Go dtí seo, ní dhearna an Coimisiún measúnú ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag Ballstát a líonraí 5G a thógáil agus trealamh ó dhíoltóir á úsáid aige a mheastar go bhfuil ardriosca ag baint leis i mBallstát eile. Tugann an Coimisiún rabhadh go bhféadfadh tionchar a bheith ag cás den sórt sin ar shlándáil trasteorann agus fiú ar fheidhmiú mhargadh aonair an Aontais féin.

### Faisnéis chúlra

Tá Tuarascáil Speisialta 3/2022 “5G roll-out in the EU: delays in deployment of networks with security issues remaining unresolved” [Leathadh 5G san Aontas: moilleanna ar imscaradh líonraí agus saincheistanna slándála atá fós gan réiteach] ar fáil ar shuíomh gréasáin CIE ([eca.europa.eu](https://eca.europa.eu)).

Tá tuarascáil an lae inniu ina chomhlánú ar obair eile a rinneadh le blianta beaga anuas, go háirithe an t-athbhreithniú ar [fhreagairt an Aontais do straitéis infheistíochta stát-bhunaithe na Síne](#) agus an páipéar faisnéise maidir le [beartas cibearshlándála an Aontais](#), chomh maith leis na tuarascálacha speisialta maidir le [tionsclaíocht na hEorpa a dhigitiú](#) agus maidir le [nasc leathanbhanda sna Ballstáit](#).

Cuireann Cúirt Iniúchóirí na hEorpa a tuarascálacha speisialta faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus Chomhairle an Aontais Eorpaigh, chomh maith le páirtithe leasmhara eile amhail parlaimintí náisiúnta, geallsealbhóirí tionscail agus ionadaithe ón tsochaí shibhialta. Cuirtear tromlach mór na moltaí a dhéantar sna tuarascálacha i bhfeidhm.

### Teagmháil phreasa

Preasoifig Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: [press@eca.europa.eu](mailto:press@eca.europa.eu)

- Vincent Bourgeois: [vincent.bourgeois@eca.europa.eu](mailto:vincent.bourgeois@eca.europa.eu) - T: (+352) 691 551 502
- Claudia Spiti: [claudia.spiti@eca.europa.eu](mailto:claudia.spiti@eca.europa.eu) - T: (+352) 691 553 547